Mo-chean do-chonnarc a-réir

[Angus Matheson, ‘Poems from a manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh’, *Éigse* 11, 1-17]

1 Mo-chean do-chonnarc a réir,
ní h-amharc nach fhuil ar mh’úidh;
mé ar mire dá mheanma ghráidh,
cridhe sáimh ní dhearna dhúinn.

2 Tarbhás damhsa Domhnall Gorm,
dar leamsa, i n-orlainn a arm,
i mbeirt shéanta ó dheallradh is dhealbh,
dar ceangladh sealbh bréagtha badhbh.

3 D’éis aisdir, mar bhudh fhíor dhamh,
mé dá fhaigsin go bhfíoch fear;
sról casda ós a chionn dá chur,
dar liom, go brugh gasda geal.

4 Suidhidh san bhrugh an fial fionn
lucht gliadh ar nach fuighthí feall;
dob iomdha soighnéan sról ndonn
’s ól trom go coimhghéar fá cheann.

5 Mar do-chuamar i gceann sgéal,
dar liom níor uaigneach ar n-ól;
dom chridhe budh coimhghe shíor
fíon ga ibhe oirne a h-ór.

6 Rém ghrádh do dhruideas ’na dhiaidh,
gur chuireas mo lámh ’na láimh;
tug dar liom, gér thuaraim thnúidh,
a ghualainn dúinn ós chionn cháigh.

7 Tar éis m’aitheanta i gcionn cháigh,
’s é ag agallaimh riom go réidh,
’na dhigh shláinte buth dluigh dhúinn
failte rúin rom-chuir i gcéill.

8 Dar leam go dtáinig dom fhios,
gur theann fám bhrághaid a bhos;
mar bhudh gnáth níor cheilte an cleas,
teas ar seirce ós chách do-clos.

9 Mé lán aoibhnis, mar bhudh eadh,
ó shaoileas mo ghrádh im ghar;
bos ghealbhog i ngliaidh nár thugh,
dul ’na dhiaidh is dearmad dhamh.

10 Clisgim a soin as mho shuan
ag féachain cár ghabh mo ghaol;
uch, a Dhé! is damhna dom chrádh,
ní h-é ar ngrádh tarla rém thaobh.

11 Corrach an téarnódh i dtám
tre ó Colla d'éalódh uam;
sé dá dhaoirmheas liom go lór,
gér mhór d'aoibhneas sionn 'nar suan.

12 Do ísligh sin mh'aigneadh ard
gan a fhaigsin feadh na bhforb;
an fear féin do chách rom-chealg,
fáth dom shearg nach léir a lorg.

13 Uch! dá mbeith ar searc-ne a sunn,
dul 'na leith níor leisge leam;
do bhiadh go suairc a rún riom
's a chúl sliom ar chuairt 'am cheann.

14 Bos ghlaicgheal na gcleas gan cheó,
gan bheith 'na chaidreabh rom-chná;
ní h-é a thoil mar a-tú,
gan mhé a-nú san toigh i dtá.

15 [.....] soir is slat Nís,
uch nach fhuilim bos i mbois
's mé do shíor ar luadhaill leis,
nó ar ghualainn deis ríogh Rois.

16 Fear mar Ghuaire do-gheibh chlú,
mo ghroigh sin, mo bhuaile bhó;
mar chéile dom thaobh a-tá.
mo lá gréine, mo chraobh chnó.

17 Ar bhfíon abaigh, ar gcruit cheóil,
ar muir mín, ar maidean Mháidh,
iasg ar n-inbhir, tuigse ar dtúir,
uisge a h-úir thirghil nach tráigh.

18 Eó uaibhreach ó ríghEas Ruaidh,
ar n-aoibhneas, ar n-uaigneas óil,
ar bhfreasdal um chion i gcéin,
ar miodh séimh a h-easgar óir.

19 Slat a caolach Cholla Uais,
mh'aonbhrath oinigh go neart nóis;
tig d'fhoiléim ar faithche i bhfís,

grís aighthe ar roinéimh róis.

20 Mac Ghiolla Easbuig, flaith fial,
ó measmaid gach maith ’na mhúr,
’ga n-anann do ghnáth mo ghaol,
ar mbláth caor, ar n-abhall úr.

21 Tug céim tar chinidh na gcríoch,
dá fhilidh ní léir a luach;
sé tar chách thoghbhaim mar thriath,
ar sgiath chomhlainn, táth na dtuath.

22 Sé do chliaraibh as chairt eóil,
a bhladh ní diamhair ar dháimh;
ar bhfíon seice, rinn ar rúin,
ar n-eite lúidh tar linn láin.

23 Géag chumhra do chin ó Chonn,
ag sin mo lubhghort, mo lionn;
fáth mo cheana do ríomh rann,
ar gcrann meala go bhfíon fionn.

24 Mithigh, a dhreagan Dúin Tuilm,
do thoigheacht dár dtúr le [..]
sibh ar mbun seasda in gach snaidhm,
is th’ainm ar ndul feasda [...].

25 Léig go cách chobhlach cniocht
i dtráth cobhra a nois le neart;
ar súil thrá d’fhíorbháidh as th’ucht,
lucht ar ndíobhdháidh gé tá ag teacht.

26 Mar chioth ag teannadh go trágh
léig rioth dod chnarraibh i gcuan;
obar as damhna dár ndíon,
síodh nó cogadh badhbha buan.

27 Brath ag ar n-easgcairdibh oirn,
gabh rér dteasargain ón teidhm;
léig budh dheasda, a Dhomhnaill Ghuirm,
doghrainn ar mhuirn feasda i bhfeidhm.

28 Gan díol éigni uait i sriobh,
gan díth cnuais i bhféigibh feadh;
teisd ghnáth ar do chlú dá chor
gur bhlogh tú ó chách mo chean. Mo-chean.